Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**14157/22**

**AGRILEG 162**
**PESTICIDE 40**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 25 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D080364/03 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D080364/03.

---

Faoi iamh: D080364/03

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/10180/2022
(POOL/E4/2022/10180/10180-EN.docx)
D080364/03
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás aicéacuinicile, leagadh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú a dhéanamh ar úsáid táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach aicéacuinicil ar phiobair mhilse/piobair chloigíneacha, cuireadh iarratas isteach de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí áirithe atá ann do na tomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe agus thug sé tuairim eolaíoch maidir leis na MRLanna atá beartaithe[2]. Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais uile maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach agus go raibh an modhnú ar an MRL a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás an fhaisnéis is déanaí faoi airíonna tocsaineolaíocha na

---

[1] IO L 70, 16.3.2005, Lch. 1.

[2] *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for acequinocyl in sweet peppers/bell peppers* [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh aicéacuinicile i bpiobair mhilse/piobair chloigíneacha]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2022;20(3):7175. Tá na tuarascálacha eolaíocha seo a leanas ó EFSA le fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.

substainte san áireamh. Le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(6) Cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, lena n-iarrtar modhnú ar an MRL atá ann cheana i gcás aicéacuinicile i ndátphlumaí Seapánacha.

(7) A mhéid a bhaineann leis an iarratas sin, rinne Ballstát iarraidh ar úsáid a bhaint as an nós imeachta mear, dá bhforáiltear sna Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a leagan síos[3], chun MRL a leagan síos bunaithe ar thrialacha iarmhar ar úlla.

(8) Rinne an tÚdarás measúnú le déanaí ar thrialacha iarmhar ar úlla faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar MRLanna le haghaidh aicéacuinicil atá ann cheana, agus thug sé tuairim réasúnaithe maidir leis an MRL atá beartaithe[4]. Braitheann an tuairim seo ón Údarás ar an eolas eolaíoch agus teicniúil reatha ar an ábhar. Ós rud é gurb iomchuí eachtarshuí a dhéanamh ó na trialacha iarmhar ar úlla go dátphlumaí Seapánacha, mar a dheimhnítear le treoirlínte an Aontais atá ann cheana maidir le eachtarshuí MRLanna[5], ní gá iarraidh ar an Údarás tuairim réasúnaithe a chur ar fáil maidir le dátphlumaí Seapánacha.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh dátphlumaí Seapánacha a leagan síos ag 0.05 mg/kg ar bhonn na dtrialacha iarmhair arna ndéanamh ar úlla.

(10) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe atá á mbeartú ar na MRLanna.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[3] *Technical guidelines MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009 (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1)* [Treoirlínte teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a leagan síos i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1)].

[4] *Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for acequinocyl according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim Réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás aicéacuinicile de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(1):5983. Tá na tuarascálacha eolaíocha seo a leanas ó EFSA le fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.

[5] *Technical guidelines on data requirements for setting maximum residue levels, comparability of residue trials and extrapolation of residue data on products from plant and animal origin (SANTE/2019/12752 - 23 November 2020)* [Treoirlínte teicniúla maidir le ceanglais sonraí chun uasleibhéil iarmhar a shocrú, inchomparáideacht trialacha iarmhar agus eachtarshuíomh sonraí faoi iarmhair i ndáil le táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch (SANTE/2019/12752 - an 23 Samhain 2020)].

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 23 Feabhra 2023 a mhéid a bhaineann leis na MRLanna atá beartaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*